

Deontais faoin Acht Ealaíon, 2003



Mar chuid den tseirbhís ealaíon, réachtálann Comhairle Contae Lú scéim chun cabhair airgeadais a sholáthar do ghníomhaíocht ealaíon i gContae Lú.

- Níl aon fhoirm iarratais ann don Scéim seo.
- De ghnáth is i bhoirm deontais i gcabhair a bheidh an cúnamh. Ach d'fhéadfadh an Chomhairle lena mbaineann a mheas go mbeadh sé níos oiriúnaí seirbhísí nó áiseanna a chur ar fáil.
- Ní thabharfar cúnamh maidir le himeachtaí ina meastar go mbronnfar na fáltais uile nó cuid díobh ar charthanas.
- Tabharfar cúnamh maidir le gníomhaíochtaí cinnte sa todhchaí, agus ní maidir le fiacha atá le glanadh ag éirí as imeachtaí roimhe seo.
- Ní mór d'iarratasóirí a bheith os cionn 18 mbliana d'aois.
- Ba cheart iarratais a dhéanamh i scríbhinn agus gach iarratas, is cuma cad é seoladh an iarrthóra i gcontae Lú, a chuir chuig: An Oifig Ealaíon, Comhairle Contae Lú, Halla an Chontae, Ionad na Mílaoise, Dún Dealgan, Contae Lú. A91 KFW6.

Ní mór na nithe seo a leanas a bheith ar áireamh san iarratas –

- Cur síos ar an ócáid bheartaithe nó ar an riachtanas a bheidh ann.*
- Cuntas mionsonraithe ioncaim agus caiteachais ina meastar costais an tionscadail a chruinne is féidir, agus ina luaitear an méid atá á lorg ó Chomhairle Contae Lú.*
- Dearbhú na ndeontas agus/nó an chúnamh eile a fuarthas nó atá á lorg ó aon fhoinse eile.*
- Aon sonraí nó eolas eile a d'fhéadfadh an Chomhairle a lorg chun an t-iarratas a bhreithniú i gceart.*

Caithfear creidiúint a thabhairt do Chomhairle Contae Lú i ngach ábhar poiblíochta, foilseacháin, caidreamh poiblí agus/nó agallaimh leis na meáin agus caithfidh lógó CreateLouth a bheith ar gach ábhar clóite i dtaobh na himeachta nó an tionscadail.

Glacfar le hiarratais go dtí 4.00 tráthnóna, Déardaoin, 28 Márta, 2019 agus 4.00 tráthnóna, Déardaoin, 26 Meán Fómhair, 2019.